**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Superior de Justicia del País Vasco (an Spáinn) an 14 Deireadh Fómhair 2022 – XXX v Randstad Empleo SA, Serveo Servicios SA, Axa Seguros Generales SA de Seguros y Reaseguros**

**(Cás C-649/22)**

(2023/C 112/18)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Superior de Justicia del País Vasco

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* XXX

*Cosantóirí:* Randstad Empleo SA, Serveo Servicios SA, Axa Seguros Generales SA de Seguros y Reaseguros

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagail 20 agus 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Airteagal 2 CAE agus Airteagail 3(f) agus 5 de Threoir 2008/104 [1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar léiriú ón gcásdlí ar reachtaíocht de chuid na Spáinne ar dá réir go n-eisiatar ón gcoincheap "bunchoinníollacha oibre agus fostaíochta" cúiteamh d'oibrí gníomhaireachta sealadach ar foirceannadh a chonradh nuair a dearbhaíodh go raibh buaneasláine ceirde iomlán air mar thoradh ar thionóisc ceirde a tharla ag an ngnóthas a bhí ag baint úsáid as a chuid seirbhísí?

(1) Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (IO 2008 L 327, lch. 9).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado de lo Social nº 1 de Sevilla (an Spáinn) an 27 Deireadh Fómhair 2022 – CCC v Tesorería General de la Seguridad Social (TGSS), Instituto Nacional de la Seguridad Social (INSS)**

**(Cás C-673/22)**

(2023/C 112/19)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Juzgado de lo Social nº1 de Sevilla

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* CCC

*Cosantóirí:* Tesorería General de la Seguridad Social (TGSS), Instituto Nacional de la Seguridad Social (INSS)

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

Chinn an Juzgado de lo Social número uno de Sevilla,

na hiarrataí le haghaidhréamhrialú seo a leanas, maidir le léiriú Airteagal 5 agus aithris 37 de Threoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle [1] a tharchur go dtí Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi chuimsiú Airteagal 267 CFAE: